Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8966/21**

**COHAFA 51**
**DEVGEN 100**
**ONU 50**
**COVID-19 215**
**COAFR 133**
**MOG 44**
**MAMA 85**
**COASI 70**
**COLAC 37**
**COJUR 11**
**PROCIV 61**
**RELEX 455**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8725/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 110 final |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i ndáil le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais: dúshláin nua, na prionsabail chéanna<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 20 Bealtaine 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i ndáil le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais: dúshláin nua, na prionsabail chéanna, a glacadh ag an 3795ú cruinniú den Comhairle an 20 Bealtaine 2021.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle**
**i ndáil le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais: dúshláin nua, na prionsabail chéanna**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht thráthúil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais, i bhfianaise na ndúshlán daonnúil atá ag dul i méid ar fud an domhain ó thaobh cistiú agus seachadadh cabhrach araon. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór imní di gur mó ná riamh roimhe na riachtanais dhaonnúla, go bhfuil laghdú ag teacht ar an spás daonnúil agus méadú ar an mbearna chistiúcháin. Chuir paindéim COVID-19 go mór le tionchar coinbhleachtaí, an athraithe aeráide, brúnna déimeagrafacha, an easáitithe éigeantaigh, an rialachais theipthe nó lag, agus an mhéadaithe atá ag teacht ar líon na sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI). Bíonn tionchar ag na tosca sin go háirithe ar phobail i staideanna leochaileacha.

2. Dearbhaíonn an Chomhairle an athuair bailíocht agus ábharthacht an Chomhdhearcaidh Eorpaigh maidir le Cabhair Dhaonnúil, agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé go gcuirfí cabhair dhaonnúil an Aontais ar fáil trí chur chuige bunaithe ar riachtanais agus i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais.

3. Cuireann an Chomhairle chun suntais an ról ríthábhachtach comhordúcháin atá ag na Náisiúin Aontaithe chun freagairt ar ghéarchéimeanna daonnúla, de mheon an iltaobhachais agus na gcomhpháirtíochtaí éifeachtacha. Cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá dlúthchomhar leis na príomh-chomhpháirtithe, lena ndéanfaí ENRanna daonnúla idirnáisiúnta agus áitiúla a lánpháirtiú leis an tsochaí shibhialta, agus aithníonn sé a thábhachtaí atá Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg maidir le freagairt dhaonnúil phrionsabálta a chur chun cinn agus a chur ar fáil.

4. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur réamhchoinníoll í urraim do DDI le haghaidh cabhair dhaonnúil éifeachtach éifeachtúil i gcásanna coinbhleachta armtha, chun fulaingt na ndaoine atá thíos leis a mhaolú agus chun a áirithiú go gcosnófar níos mó iad. Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé urramú agus comhlíonadh DDI a chur i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais – mar a léirítear i dTreoirlínte an Aontais maidir le Comhlíonadh an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta a Chur Chun Cinn – chomh maith le cosaint na sibhialtach agus an bhonneagair shibhialta a áirithiú, tacú le gníomhaíocht dhaonnúil phrionsabálta agus an ghníomhaíocht sin a chur chun cinn agus an spás daonnúil a chosaint. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht freisin an gá atá le rochtain shábháilte gan bhac a áirithiú ar phobail atá i ngátar, chomh maith le sábháilteacht agus slándáil oibrithe daonnúla agus oibrithe cúraim sláinte. Tacaíonn sí le creat um chomhlíonadh DDI a neartú a thuilleadh, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Cúnamh Daonnúil agus an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a glacadh i mí na Samhna 2019. Molann an Chomhairle níos mó iarrachtaí chun comhordú éifeachtach an Aontais a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, maidir le hábhair a bhaineann le DDI, go hinmheánach agus go seachtrach araon, lena n-áirítear faireachán níos fearr ar sháruithe DDI agus cáineadh na sáruithe sin, lena n-áirítear ionsaithe ar shibhialtaigh, oibrithe daonnúla agus leighis, saoráidí leighis agus scoileanna.

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis an gá práinneach le feabhas a chur ar na hiarrachtaí domhanda chun cur go mór leis an mbonn acmhainní le haghaidh gníomhaíocht dhaonnúil, agus a thábhachtaí atá sé cabhair dhaonnúil a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla leis na hacmhainní atá ar fáil. Molann an Chomhairle an obair atá á déanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun cistiú daonnúil breise a fháil ionas go leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta i measc deontóirí domhanda agus chun a áirithiú go ndéanfar maoiniú daonnúil a roinnt ar bhealach níos inbhuanaithe agus níos cothroime laistigh den Aontas. Iarrann an Chomhairle ar dheontóirí a d’fhéadfadh a bheith ann agus ar dheontóirí atá ag teacht chun cinn rannchuidiú go prionsabálta leis an gcóras daonnúil arna chomhordú ag na Náisiúin Aontaithe. Thairis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ard-Ionadaí abhcóideacht maidir le tacaíocht do ghníomhaíocht dhaonnúil phrionsabálta a áireamh go comhsheasmhach ina n-idirphlé le tríú tíortha ábhartha. Molann an Chomhairle do na Ballstáit agus don Choimisiún dlús a chur leis an idirphlé le córas na Náisiún Aontaithe maidir le tosaíocht a thabhairt d’acmhainní daonnúla. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an obair atá déanta ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun cistiú breise prionsabálta a ghiaráil ó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear trí chineálacha cur chuige nuálacha maoiniúcháin, bunaithe ar chur chuige neamhdhíobhála.

6. Cuireann an Chomhairle in iúl go dtacaíonn sí le leas a bhaint as socruithe ilbhliantúla solúbtha cistiúcháin le comhpháirtithe daonnúla. Is díol sásaimh di tiomantas an Choimisiúin na hiarrachtaí sin a fheabhsú agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé maoiniú d'ardchaighdeán a chur ar fáil, i gcomhréir leis an Margadh Mór. Molann an Chomhairle d'eagraíochtaí daonnúla úsáid bhreise a bhaint as réitigh nuálacha agus as uirlisí digiteacha nuálacha chun éifeachtacht agus tionchar na freagartha sin a mhéadú. Dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le bainistiú freagrach eiticiúil a dhéanamh ar shonraí i gcomhthéacsanna daonnúla i ndáil le prionsabal na neamhdhíobhála, lena n-áirítear i ngach cás ina n-úsáidtear réitigh dhigiteacha le haghaidh cabhair dhaonnúil.

7. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá dlús a chur leis an tacaíocht do ghníomhaithe áitiúla agus náisiúnta, agus aitheantas á thabhairt dá n-eolas agus dá dtaithí mar fhreagróirí túslíne a bhíonn ar an láthair roimh éigeandálaí, lena linn agus ina ndiaidh. Meabhraítear di an gá atá le measúnuithe comhordaithe ar riachtanais a bhaineann leas as acmhainneachtaí na ngníomhaithe áitiúla sin. Molann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh infheistíochta in eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla, lena n-áirítear eagraíochtaí áitiúla atá faoi stiúir na mban agus a bhaineann le cearta na mban, agus go gcuirfí chun cinn cleachtais chomhpháirtíochta chothroma. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé struchtúir, líonraí agus institiúidí freagartha náisiúnta a neartú, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do ENRanna, eagraíochtaí atá bunaithe ar chreideamh agus eagraíochtaí carthanachta, agus a gcomhpháirtithe. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá an clár logánaithe mar bhealach chun feabhas a chur ar an rochtain a bhíonn ag daoine ar sheirbhísí tráthúla agus iomchuí chun dul i ngleic le riachtanais na bpobal i ngéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn, i ngéarchéimeanna fada agus i ngéarchéimeanna dearmadta.

8. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur cúis mhór imní di iarmhairtí an athraithe aeráide ar ghníomhaíocht dhaonnúil, is díol sásaimh di an obair a rinneadh le haghaidh réamhghníomhaíocht dhaonnúil agus iarrann sí go leathnófaí an ghníomhaíocht sin. Dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le measúnú riosca agus anailís riosca chun bonn eolais a chur faoin ngníomhaíocht dhaonnúil agus chun cur chuige bunaithe ar riachtanais a chomhlánú go comhsheasmhach. Tá sé ríthábhachtach gníomhaíochtaí agus gníomhaithe aeráide agus comhshaoil a neartú i gcur chuige maidir le nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin má táthar chun teacht aniar pobal leochaileach a fhorbairt agus a fheabhsú, i gcomhréir le Straitéis nua an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide. Tacaíonn an Chomhairle go láidir le cuspóir na Teachtaireachta an fhreagairt ar thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil a chomhtháthú i ndearadh agus seachadadh na cabhrach daonnúla, chomh maith leis an tiomantas chun tacú le hiarrachtaí na gcomhpháirtithe daonnúla a lorg ar an gcomhshaol a laghdú.

9. Dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le cur chun feidhme agus oibríochtú níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtaí ar an gcur chuige maidir le nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Cuireann sí i bhfios go láidir nach mór do na gníomhaithe éagsúla lena mbaineann oibriú ar bhealach comhordaithe, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail dhaonnúla maidir le cabhair dhaonnúil a sholáthar, agus i gcomhréir iomlán lena sainorduithe agus lena gcuspóirí faoi seach. Is é is aidhm don chur chuige sin idirghabhálacha gearrthéarmacha a sheachaint agus dul i dtreo na forbartha fadtéarmaí, agus réitigh mharthanacha a chur chun cinn lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna na gcoinbhleachtaí agus na ngéarchéimeanna fada. Molann an Chomhairle anailísí comhpháirteacha ar riachtanais agus leochaileachtaí, chomh maith le pleanáil agus clársceidealú comhleanúnach, de réir mar is iomchuí, ar bheartais agus ar ghníomhaíochtaí an Aontais féin. Dearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá cur chuige atá íogair ó thaobh na coinbhleachta de, ionas nach gcuirfidh cúnamh seachtrach le coinbhleacht ná le géarchéimeanna. I gclár oibre an Aontais maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar an nasc, ní mór tógáil, *inter alia*, ar an taithí a fuarthas agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó na tíortha píolótacha sa nasc siúd agus an taithí agus na ceachtanna sin a scaipeadh freisin.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle ceannaireacht an Choimisiúin maidir leis an oideachas i gcásanna éigeandála a chomhtháthú, go háirithe do chailíní, mar chuid de chur chuige an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do mhaoiniú méadaithe a chur ar fáil don fhoghlaim chuimsitheach ar feadh an tsaoil agus d'oideachas agus d'oiliúint atá sábháilte, cothrom, ar ardchaighdeán ar gach leibhéal i gcásanna éigeandála agus i ngéarchéimeanna, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Oideachas i gCásanna Éigeandála agus le linn Géarchéimeanna Fada a glacadh i mí na Samhna 2018. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil an Coimisiún tiomanta leanúint de bheartais théamacha a fhorbairt i réimsí amhail sláinte, cosaint, inscne, míchumas, bia agus cothú – lena n-áirítear cothú scoile – dídean, uisce, sláintíocht agus sláinteachas, ullmhacht do thubaistí agus laghdú riosca, agus modhanna seachadta cabhrach. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle go gcuimsítear an mheabhairshláinte agus an tacaíocht shíceasóisialta (MHPSS) agus an dea-bhail sa Teachtaireacht agus spreagann sí gníomhaithe daonnúla uile an Aontais na tosca sin a áireamh go struchtúrach ina bpleanáil agus ina gclársceidealú.

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur daoine atá i gcroílár ghníomhaíocht dhaonnúil an Aontais, agus leagann sí béim ar a tiomantas freastal ar riachtanais na ndaoine atá thíos le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna daonnúla agus a gcearta agus a ndínit a chosaint. Is é atá i gcur chuige duinelárnach machnamh ar ghrúpaí sonracha a bhfuil rioscaí méadaithe ag bagairt orthu, lena n-áirítear mná, leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta, daoine ar de mhionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha iad, daoine faoi mhíchumas, daoine a easáitíodh go héigeantach agus dídeanaithe. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann rannpháirtíocht fhóinteach ghníomhach na ndaoine dá ndéantar difear a chur chun cinn i gcinntí a dhéanann difear dóibh. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá tacú le daoine i gcomhthéacs an easáitithe éigeantaigh, bíodh cúiseanna nádúrtha nó de dhéantús an duine leis. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé go leanfadh an comhphobal idirnáisiúnta d'aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an easáitithe agus ar riachtanais na ndaoine atá easáitithe ina dtír féin agus na bpobal óstach, agus é mar aidhm aige an chosaint agus an cúnamh a chuirtear ar fáil a neartú agus réitigh mharthanacha a éascú.

12. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas freastal ar riachtanais na mban agus na gcailíní agus chun cearta na mban agus na gcailíní a chosaint agus chun comhionannas inscne a chur chun cinn, agus iarrann sí ar na gníomhaithe daonnúla uile an pheirspictíocht sin a chomhtháthú ina n-idirghabhálacha, i gcomhréir freisin leis an gclár oibre maidir le Mná, leis an tSíocháin agus leis an tSlándáil. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé freastal ar riachtanais chosanta na mban, na bhfear, na gcailíní agus na mbuachaillí, agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú go gníomhach chun leochaileacht agus neamhchosaint riosca a laghdú, lena n-áirítear trí éifeacht an fhoréigin ghnéasaigh agus an fhoréigin inscnebhunaithe, an dúshaothraithe agus cleachtas díobhálach a chosc agus a mhaolú.

13. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir, thairis sin, a riachtanaí atá rochtain uilíoch ar fhaisnéis chuimsitheach, inacmhainne, ardchaighdeáin faoi shláinte ghnéis agus atáirgthe, ar oideachas, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus ar sheirbhísí cúraim sláinte.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas aon tionchar diúltach neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ag bearta sriantacha an Aontais ar ghníomhaíocht dhaonnúil phrionsabálta a sheachaint agus a mhaolú a mhéid is féidir. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcomhlíonann bearta sriantacha an Aontais na hoibleagáidí uile faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, DDI agus an dlí idirnáisiúnta maidir le dídeanaithe. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé cloí go hiomlán le prionsabail dhaonnúla agus le DDI i mbeartas smachtbhannaí an Aontais, lena n-áirítear trí eisceachtaí daonnúla a áireamh go comhsheasmhach i gcórais bhearta sriantacha an Aontais i gcás inarb ábhartha, agus trína áirithiú go mbeidh creat éifeachtach i bhfeidhm le haghaidh na húsáide a bhaineann eagraíochtaí daonnúla as na heisceachtaí sin. Aithníonn an Chomhairle gur gá tacaíocht phraiticiúil bhreise agus/nó tuilleadh treoir bhreise a chur ar fáil d'eagraíochtaí daonnúla maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí i gcórais éagsúla smachtbhannaí an Aontais agus a mhéid a bhaineann le leanúint den idirphlé idir na páirtithe uile a bhfuil baint acu le cabhair dhaonnúil a chur chun cinn. Breithneoidh an Chomhairle, nuair is iomchuí, sáruithe tromchúiseacha ar DDI mar fhorais chun iad a liostú i gcórais smachtbhannaí an Aontais, agus é á áirithiú go seachnófar aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann ar ghníomhaíochtaí daonnúla.

15. Molann an Chomhairle don Aontas agus do na Ballstáit an comhar agus an comhordú a neartú, bunaithe ar chur chuige 'Foireann na hEorpa', chun torthaí comhchoiteanna comhleanúnacha agus tionchar níos mó a áirithiú, agus ar an gcaoi sin a ráthú go mbeidh an tAontas ina phríomhpháirtí i gcónaí. Den mheon céanna, is díol sásaimh don Chomhairle an togra le haghaidh Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil a fhorbairt chun feabhas a chur ar rannchuidiú an Aontais le bearnaí sa fhreagairt dhaonnúil a líonadh ar bhonn riachtanais, agus ar an gcaoi sin go bhféadfar cabhair dhaonnúil a sheachadadh go tapa, i gcomhordú iomlán agus gan forluí, leis na sásraí atá ann cheana. Molann sí don Choimisiún dul i gcomhairle leis na Ballstáit d'fhonn idirphlé a chur ar bun leis na Náisiúin Aontaithe agus leis na comhpháirtithe daonnúla ábhartha agus d'fhonn an t-idirphlé leis na Náisiúin Aontaithe agus leis na comhpháirtithe ábhartha daonnúla a áirithiú.

16. Tacaíonn an Chomhairle le rannpháirtíocht an Aontais agus lena ról ríthábhachtach sa chabhair dhaonnúil agus leis an idirphlé leanúnach lena Bhallstáit agus lena chomhpháirtithe daonnúla. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Fóram Daonnúil Eorpach a eagrú chun plé ardleibhéil straitéiseach maidir le saincheisteanna daonnúla a chur chun cinn, agus chun idirphlé leanúnach a chur chun cinn lena phríomh-chomhpháirtithe ó chóras na Náisiún Aontaithe, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ó Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, ón tsochaí shibhialta agus ó dheontóirí eile.